Gearáin & Imscrúduithe

1 Cén chaoi ar féidir liom gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Teanga?
2 Cé mhéad gearán a dhéantar ar an meán in aghaidh na bliana?
3 Cén chaoi a bpléann an Coimisinéir Teanga le gearáin?
4 Cén uair is féidir leis an gCoimisinéir Teanga imscrúdú a sheoladh?
5 Cé mhéad imscrúdú a rinneadh le linn 2009?
6 Cá bhfaighidh mé eolas maidir le himscrúduithe?
7 Cén chaoi a reáchtáiltear an próiseas imscrúdaithe?
8 An féidir achomharc a dhéanamh maidir le fionnachtana imscrúdaithe?
9 Céard a tharlaíonn sa chás nach bhfaigheann an Coimisinéir Teanga comhoibriú ó chomhlacht poiblí le linn imscrúdú?
10 Céard a tharlaíonn sa chás nach gcuireann comhlacht poiblí moltaí an Choimisinéara Teanga i bhfeidhm tar éis imscrúdú?
11 An bhfuil cúiteamh ar fáil?

1) Cén chaoi ar féidir liom gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Teanga?

Is féidir gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Teanga tríd an bhfoirm ghearáin ar líne ar www.coimisineir.ie/gearain&imscruduithe a chomhlánú, ar an nguthán ar 1890 504006 nó tríd an bpost chuig Oifig an Choimisinéara Teanga, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.
Ar ais

2) Cé mhéad gearán a dhéantar ar an meán in aghaidh na bliana?

Déantar 600 gearán ar an meán leis an gCoimisinéir Teanga in aghaidh na bliana.
Ar ais

3) Cén chaoi a bpléann an Coimisinéir Teanga le gearáin?

Is iondúil go bhfiosraíonn an Coimisinéir Teanga gearáin bhailí ar bhonn neamhfhoirmiúil leis an gcomhlacht poiblí cuí mar chéad chéim. Seachnaíonn sé seo aon mhíthuiscintí agus tugann sé deis don chomhlacht poiblí earráidí daonna a aithint agus a cheartú ar an toirt. Coinnítear an gearánach ar an eolas le linn an phróisis seo agus cuirtear é/í ar an eolas maidir le haon chomhréiteach a aontaítear leis an gcomhlacht poiblí.

Sa chás nach féidir le hOifig an Choimisinéara Teanga gearán a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil le comhlacht poiblí, cuirtear tús le himscrúdú reachtúil nó fiosrúchán oifigiúil chun an gearán a réiteach. Scríobhtar go hoifigiúil faoi alt 21 den Acht chuig ceann an chomhlachta phoiblí agus iarrtar air nó uirthi tuairisc maidir leis an ábhar atá faoi imscrúdú a sholáthar don Choimisinéir Teanga. Tugtar fógra oifigiúil imscrúdaithe don ghearánach agus don Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.

Críochnaíonn imscrúdú le tuarascáil a chuirtear ar fáil do na páirtithe cuí (an comhlacht poiblí lena mbaineann, an gearánach más ann dó nó di agus an tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta). Cuirtear fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara Teanga i leith an ghearáin ar fáil sa tuarascáil sin. Is féidir achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh laistigh de cheithre seachtaine. Mura gcuirtear moltaí an Choimisinéara Teanga i bhfeidhm laistigh de thréimhse ama réasúnta, is féidir leis tuarascáil a thabhairt do Thithe an Oireachtais ar an gceist.

Is féidir leis an gCoimisinéir Teanga diúltú gearán a fhiosrú nó scor d'imscrúdú ar ghearán sna cúinsí seo a leanas:

- Má thagann sé ar an tuairim go bhfuil an gearán fánach nó cráiteach.
- Mura bhfuil bearta réasúnacha tógtha ag an duine a rinne an gearán chun sásamh a lorg i leith ábhar an ghearáin nó, má rinne, nár diúltaíodh sásamh dó nó di.
- Mura mbaineann an gearán le haon sárú ar fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla nó le haon achtacháin eile a bhaineann le stádas nó úsáid teanga oifigiúla (Gaeilge nó Béarla).

Ar ais

4) Cén uair is féidir leis an gCoimisinéir Teanga imscrúdú a sheoladh?

Is féidir leis an gCoimisinéir Teanga imscrúdú a sheoladh má mheastar sárú a bheith déanta nó á dhéanamh ar aon fhoráil de chuid:

- Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.
- Na Rialacháin atá i bhfeidhm faoin Acht sin.
- Scéim teanga atá daingnithe faoin Acht sin.
- Aon achtacháin eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge.

Ar ais

5) Cé mhéad imscrúdú a bhí críochnaithe faoi dheireadh 2009?

Bhí 45 imscrúdú críochnaithe nó scortha faoi dheireadh 2009.
Ar ais

6) Cá bhfaighidh mé eolas maidir le himscrúduithe?

Tá achoimrí ar na himscrúduithe atá déanta go dtí seo ar fáil ar www.coimisineir.ie/gearain&imscruduithe. Tá siad ar fáil chomh maith sna tuarascálacha bliantúla ar www.coimisineir.ie/foilseachain. Cé gur tháinig Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm ina iomláine i mí Iúil 2006, ba chóir a thabhairt faoi deara nár seoladh na chéad imscrúduithe faoin Acht go dtí 2007.
Ar ais

7) Cén chaoi ina reáchtáiltear an próiseas imscrúdaithe?

Is é atá i gceist le himscrúdú ná fiosrúchán atá seolta ar bhonn foirmiúil, reachtúil de réir na bhforálacha in Acht na dTeangacha Oifigiúla. Is féidir imscrúdú a dhéanamh bunaithe ar ghearán ó aon duine, ar iarratas ón Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus/nó ar thionscnamh an Choimisinéara Teanga.

Is iondúil nach rachfaí chun cinn le himscrúdú mura mbeadh iarracht gan toradh déanta an gearán a réiteach ar dtús trí chóras neamhfhoirmiúil réitithe gearán Oifig an Choimisinéara Teanga nó mura mbeadh sé soiléir gur dócha nach réiteofaí an cás go sásúil d'éagmais imscrúdaithe. Próiseas casta é an córas imscrúdaithe a thógann roinnt ama agus acmhainní agus ní iondúil go rachfaí ina bhun gan cúis mhaith.

Tá dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí le linn imscrúdú faisnéis nó taifid dá gcuid a bhaineann le hábhar an imscrúdaithe a chur ar fáil d'Oifig an Choimisinéara Teanga. Is iondúil go n-iarrfaí ar chomhlacht poiblí aon eolas a bheadh i gcomhaid na heagraíochta faoin ábhar a sholáthar don Oifig chomh maith le tuairisc i scríbhinn a thabhairt ar an ábhar a bheadh á imscrúdú.

Tá dualgas reachtúil freisin ar aon duine ar leith ón gcomhlacht poiblí teacht i láthair an Choimisinéara Teanga le faisnéis ó bhéal a thabhairt, má iarrtar orthu a leithéid a dhéanamh. Tá an té a bheadh ag soláthar faisnéise i dteideal na ndíolúintí agus na bpribhléidí céanna le finné os comhair na hArd-Chúirte.

Forálann an tAcht d'fhíneáil nach mó ná €2,000 agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí a ghearradh ar dhuine a chiontófaí i gcúirt as diúltú nó teip comhoibriú le himscrúdú nó a chuirfeadh bac ar a leithéid.

Críochnaíonn imscrúdú le tuarascáil a chuirtear ar fáil do na páirtithe cuí (an comhlacht poiblí lena mbaineann, an gearánach, más ann dó nó di, agus an tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta). Bheadh cinneadh an Choimisinéara Teanga i leith an ghearáin agus moltaí cuí sa tuarascáil sin. Is féidir achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh laistigh de cheithre seachtaine. Mura gcuirtear moltaí an Choimisinéara Teanga i bhfeidhm laistigh de thréimhse ama réasúnta, is féidir leis tuarascáil a thabhairt do Thithe an Oireachtais ar an gceist.
Ar ais

8) An féidir achomharc a dhéanamh maidir le fionnachtana imscrúdaithe?

Is féidir le haon pháirtí in imscrúdú, nó aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara Teanga tar éis imscrúdú difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh, ach caithfear an t-achomharc a dhéanamh laistigh de cheithre seachtaine.
Ar ais

9) Céard a tharlaíonn sa chás nach bhfaigheann an Coimisinéir Teanga comhoibriú ó chomhlacht poiblí le linn imscrúdú?

Is féidir fíneáil nach mó ná €2,000 agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí a ghearradh ar dhuine a chiontófaí i gcúirt as diúltú nó teip comhoibriú le himscrúdú nó a chuirfeadh bac ar a leithéid.
Ar ais

10) Céard a tharlaíonn sa chás nach gcuireann comhlacht poiblí moltaí an Choimisinéara Teanga i bhfeidhm tar éis imscrúdú?

Mura gcuirtear moltaí an Choimisinéara Teanga i bhfeidhm laistigh de thréimhse ama réasúnta, is féidir leis tuarascáil a thabhairt do Thithe an Oireachtais ar an gceist.
Ar ais

11) An bhfuil cúiteamh ar fáil?

Is féidir leis an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, le toiliú an Aire Airgeadais, scéim chúitimh a dhéanamh. Chuirfeadh scéim chúitimh, dá mbeadh a leithéid ann, dualgas ar chomhlacht poiblí cibé suimeanna a bheadh sonraithe sa scéim chúitimh a íoc i leith sárú ar fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla a bheadh sonraithe i dtuarascáil de chuid an Choimisinéara Teanga. Níl scéim dá leithéid déanta go dtí seo.
Ar ais